

Is Féiríní Iad Daoine

Is féiríní iad daoine, a chuireann an tAthair chugam agus iad clúdaithe!
Bíonn cuid acu clúdaithe go hálainn; bíonn siad an-deas nuair a fheicim ar dtús iad.
Gnáthpháipear a bhíonn ar chuid acu.
Bíonn drochbhail curtha ar chuid acu sa phost.
Anois is arís tagann "Seachadadh Speisialta".
Daoine áirithe is féiríní iad a mbíonn an páipéar scaoilte orthu;
bíonn an páipéar casta láidir ar chuid eile.

Ach ní hé an páipéar an féirín. Tá sé an-éasca an botún sin a dhéanamh.....
baineann spraoi leis nuair a dhéanann páistí é.
Uaireanta bíonn sé an-éasca an féirín a oscailt.
Uaireanta bíonn cúnamh ó dhaoine eile ag teastáil.
An é go mbíonn eagla orthu?
An ngortaíonn sé iad?
B'fhéidir gur osclaíodh cheana iad agus gur caitheadh ar leataobh iad!
B'fhéidir nach le m'aghaidhsa an féirín!

Is duine mise, mar sin is féirín mé!
Féirín dom féin ar dtús.
Thug an tAthair mé dom féin.
Ar bhreathnaigh mé faoin gclúdach riamh?
An bhfuil faitíos orm sin a dhéanamh?
B'fhéidir nár thuig mé riamh chomh mór d'fhéirín atá ionam.
An bhféadfadh aon fhéirín teacht ón Athair ach féirín álainn?
Is breá liom na féiríní a fhaighim uathu siúd a bhfuil grá acu dom: cén fáth nár bhreá liom an féirín seo ón Athair?

Agus is féirín mise do dhaoine eile.
An bhfuil mé toilteanach go dtabharfadh an tAthair mé mar fhéirín do dhaoine eile?.....a bheith i mo dhuine le haghaidh daoine eile?
An gcaithfidh daoine a bheith sásta leis an gclúdach? Nárbh fhearr an féirín féin?

Gach uair a chasann daoine le chéile is malartú féiríní é.
Ach ní féirín é féirín, gan duine lena bhronnadh. Níl ann ach rud, gan an caidreamh le duine a thugann é.

Is caidreamh é cairdeas idir daoine a fheiceann iad féin mar atá siad go fírinneach.
Féiríní ón Athair dá chéile,..... ar son daoine eile.

Is féiríní iad daoine, féiríní a thugtar agus féiríní a fhaightear.

[Go raibh maith agat, a Athair, as na féiríní áille atá bronnta agat.....daoine, cairde agus as an bhféirín is áille ar fad, do Mhac Íosa Críost.]